

Tuairisc Uasdátaithe COGG

Coiste Comhairleach um Polasaí Oideachas Gaeltachta Scoil Chuimsitheach, An Cheathrú Rua 4 Meitheamh 2019

Plean oibre faoin Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta

Tá an post d'Oifigeach Oideachais iar-bhunscoile COGG fógraithe agus táthar ag súil an folúntas a bhí ann go dtí seo a líonadh faoin bhFómhar 2019. Bhí oifigeach oideachais amháin ag obair le scoileanna ar an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta i 2019.

Obair ag an mBunleibhéal

Bealtaine 2019: Seimineár lae do gach príomhoide atá sa Scéim: 9 n-ionad (timpeall 98 múinteoirí)

Sprioc: Athbhreithniú ar dhul chun cinn an phlean feabhsúcháin agus breathnú chun cinn ar na spriocanna don scoilbhliain nua.

- Plé ar thumoideachas: luaththumoideachas agus luath-oideachas
- Tús le múineadh an Bhéarla
- Lán-thumoideachas agus an cleachtas ranga/cleachtas múinteoirí
- Polasaí labhairt na Gaeilge: An gá atá leis agus cad atá le dul isteach ann.

Lúil 2019:

Cúrsa Samhraidh do mhúinteoirí bunscoile

- An Cheathrú Rua: 1-5 Iúil 2019
- Gaoth Dobhair: 8-12 Iúil 2019

Téama: Teanga

- Forbairt teanga: Do theanga féin mar mhúinteoir (Cleachtaí gramadaí agus seisiún gramadaí le linn na seachtaine)
- Forbairt teanga: Na daltaí ar scoil (straitéisí/scileanna éisteachta/labhartha a fhorbairt)
- Conas teanga a fhorbairt suas tríd an scoil
- Na critéir theanga-bhunaithe: na himpleachtaí dom mar mhúinteoir.

Fómhar–Nollaig 2019

Seimineár Lae: (deis ag múinteoir amháin as gach scoil freastal ar an seimineár)

Téama: Cur chuige lán-thumoideachas suas tríd an scoil

- Lán-thumoideachas: Cad é go praiticiúil?
- Grúpobair chun tacú le forbairt teanga
- Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT): Forbairt teanga na Gaeilge trasna an churaclaim (Ag breathnú ar ábhar amháin mar shampla Stair/Ealaíon)

Cuairteanna scoile ar iarratas ó scoileanna ar leith

Aibreán go Meitheamh 2019: 9 scoil

- Príomhoidí nua-cheaptha
- Ceisteanna faoi mheasúnú teanga
- Athbhreithniú ar an bplean feabhsúcháin scoile
- Ceisteanna faoi riachtanais speisialta oideachais

Tacaíocht ríomhphoist/glaonna gutháin.

Meitheamh 2019: 3 Seimineár lae (Gaillimh/Ciarraí/Dún na nGall)

Múinteoirí Tacaíochta don Ghaeilge

Sprioc:

- Athbhreithniú ar obair na bliana
- Breathnú chun cinn 2019/2020
- Ról an mhúinteora tacaíochta don Ghaeilge
- Tacaíocht leanúnach trí ríomhphoist /glaonna gutháin: Uirlisí measúnaithe teanga/gníomhaíochtaí chun daltaí a chur ag caint/cluichí clóis.

Obair ag an Iar-bhunleibhéal

- **Márta 2019:** Seimineár lae: Ionadaí (nó níos mó) ó gach scoil: 6 ionad: 40 múinteoirí
Sprioc:
- Plé agus eolas faoin nGaeilge mar theanga labhartha sa seomra ranga agus lasmuigh de
- Tacaíocht ríomhphoist/glaonna teileafóin.
- **Cuairteanna Scoile:** 5 chuairt scoile déanta ar iarratas ó scoileanna ar leith: Casadh le coiste Gaeilge na scoile/labhairt le grúpaí múinteoirí/tús a chur le múineadh ábhar trí mheán na Gaeilge

Fómhar–Nollaig 2019

Seimineár lae: an fhoireann ar fad (gach scoil: 29)

Sprioc:

- Léargas ar an bPolasaí agus ar an Scéim
- Na critéir theanga-bhunaithe: Tionchar ar an múineadh agus ar an bhfoghlaim
- Tumoideachas ag an iar-bhunleibhéal
- Cur chuige scoile-uile de bharr go bhfuil freagracht ar gach múinteoir an Scéim a chur i bhfeidhm.

Cruinnithe eile:

An Dochtúir Máire Mhic Mhathúna, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath: Treoir a chur ar fáil do naíonraí agus do bhunscoileanna i ndáil le naisc a fhorbairt idir naíonraí agus bunscoileanna ina mbeidh eiseamláirí dea-chleachtas.

Pleanáláí Teanga: Gaeltachtaí éagsúla

- Feasacht a ardú ó thaobh an Pholasaí agus na Scéime de
- Feasacht a ardú ó thaobh an tumoideachais sna pobail éagsúla.

Cumann Lúthchleas Gael: Oifigeach Gaeilge: Ról an CLG a shoiléiriú chun tacú leis an Scéim Aitheantais sna ceantair Ghaeltachta.